

Ábhar Bhailiúchán na Scol ó Chontae an Chláir ar www.duchas.ie anois

Is féidir béaloideas agus stair áitiúil ó Chontae an Chláir a léamh ar www.duchas.ie anois.

Ábhar béaloidis a thaifead daltaí scoile idir 1937 agus 1939 is ea Bailiúchán na Scol, cuid thábhachtach de Chnuasach Bhéaloideas Éireann, UCD. Tá breis agus leathmhilliún leathanach i gceist, a thaifead tuairim is 50,000 dalta bunscoile sna 26 chontae.

Tá ábhar béaloidis as Bailiúchán na Scol á fhoilsiú ar [dúchas.ie](http://www.duchas.ie) ó dheireadh 2013 agus is í aidhm an tionscadail go mbeidh imleabhair uile Bhailiúchán na Scol ar fáil ar líne faoi dheireadh 2016. Tá ábhar ó na contaetha seo a leanas: Baile Átha Cliath, Maigh Eo, Dún na nGall, Port Láirge, Gaillimh, Liatroim, Cill Dara, Ciarraí, Sligeach, Luimneach, Muineachán, Laois, Cill Chainnigh, Lú agus Tiobraid Árann ar fáil ar an suíomh cheana. Is toradh é [dúchas.ie](http://www.duchas.ie) ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann (UCD), Fiontar (DCU) agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Cuirfidh Éireannaigh agus lucht an diaspóra araon suim sa suíomh seo. Is áis iontach é [dúchas.ie](http://www.duchas.ie) do thaighdeoirí a chuireann suim i léann an bhéaloidis, sa stair áitiúil, sa tseandálaíocht, i gcúrsaí ginealais, sa teangeolaíocht agus i réimsí taighde eile. Is féidir an bailiúchán a chuardach faoi láthair de réir áiteanna agus de réir daoine; seolfar cuardach de réir topaicí i mbliana.

Ghlac beagnach 170 scoil páirt sa scéim i gContae an Chláir agus tiomsaíodh 49 imleabhar d'ábhar béaloidis.

Dúirt an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh, TD, 'Is céim thábhachtach eile í seo sa tionscadal nuálach seo a chuirfidh ábhar úr maidir le saol traidisiúnta na hÉireann sna blianta a chuaigh thart ar fáil don phobal i gcoitinne. Cuirfidh an t-ábhar nua seo ar chumas an taighdeora agus go leor daoine eile an difríocht a fheiceáil idir saol an lae inniu agus an saol mar a bhíodh, breis agus 80 bliain ó shin.'

Tá [dúchas.ie](http://www.duchas.ie) á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in DCU, agus ag Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, ceann de na cnuasaigh béaloidis is mó ar domhan. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag UCD agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta.


Tá ról comhairleach ag Taisclann Dhigiteach na hÉireann (DRI) in obair [dúchas.ie](http://www.duchas.ie) maidir le caighdeáin agus idir-inoibritheacht i gcartlannú digiteach.

CRÍOCH

Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le Clare Coughlan

clare.coughlan@dcu.ie

(01) 700 6577



*An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht*



Nóta d'eagarthóirí:**Ábhar Chontae an Chláir**

Tá Bidy Early i mbéal an phobail i gContae an Chláir le 200 bliain anuas. Tá trácht uirthi i scéalta a bailíodh i gContae na Gaillimhe agus i gContae Thiobraid Árann chomh maith céanna le Contae an Chláir féin. Tá neart leaganacha ann de scéal Bidy. Insíonn an scéal [seo](#) dúinn go raibh Bidy pósta trí huair ina saol agus go bhfuair sí a cuid cumhachtaí mar gheall ar bhuidéal draíochta a thug grúpa síóg dá mac tar éis dó cluiche iomána a bhuachan ina gcoinne. Chuir an buidéal draíochta seo ar a cumas galar ar bith a leigheas. Faightear míniú difriúil ar ar tharla sa scéal [seo](#) ina n-insítear dúinn gur ghoid mac Bidy an buidéal ó na síoga. Bhí Bidy bhocht go mór i mbéal an phobail sa Chlár anuas go dtí 1995 ach ba ag clamhsán fúithi a bhí muintir an Chláir an babhta seo toisc gur chuir muintir an Chontae an milleán ar an mbean bhocht mar gheall ar an drochrath a bhíodh ar an bhfoireann iomána thar na blianta.

Scéal thar a bheith cáiliúil i gContae an Chláir is ea [scéal an Chailín Bháin](#). Eachtra thragóideach atá mar bhunús leis an scéal faoi chailín óg a thit i ngrá le William Scanlon ('John Scanlon' an fíorainm a bhí air ach bíonn go leor éagsúlachta ó thaobh firicí an scéil de i mbéaloideas an cheantair). Bhí muintir an Chailín Bháin go maith as ach bhí William Scanlon i bhfiacha. De réir an scéil seo bheartaigh Scanlon fáil réidh leis an gCailín Bán. Thug sé cuireadh di dul ar turas báid leis agus bháigh sé í áit éigin idir Tairbeart i gContae Chiarraí agus Cill Rois i gContae an Chláir. Bhí Dónall Ó Cónaill ina abhcóide cosanta aige. Tá roinnt leaganacha éagsúla den scéal céanna ar fáil sna himleabhair a bhaineann le Contae an Chláir. Féach na [torthaí](#) ón gcuardach téacs ar 'colleen bawn' chomh maith leis na torthaí [seo](#) ar 'cailín bán'.

Bhí an Ghaeilge fós á labhairt in Iarthar Chontae an Chláir anuas go dtí na 1970í agus go deimhin tá neart Gaeilge ar fáil sna scéalta a bailíodh timpeall an cheantair ó Charraig an Chabhaltaigh siar go Cill Bheathach agus ceantair eile ar fud Cheann Léime. Tá an chuid is mó den imleabhar [seo](#) scríofa as Gaeilge agus is scéalta iad a bailíodh i gCarraig an Chabhaltaigh. Beidh scéal faoi Fhionn Mac Cumhaill ag feitheamh ort ar an gcéad leathanach agus neart seod eile as Gaeilge ó thús go deireadh an imleabhair. Tá caoineadh ó Chill Bheathach le léamh [anseo](#) agus 'Brón na Farraige' atá air. Tá téama na farraige an-bhisiúil i mBéaloideas Iarthar an Chontae mar a mbeifí ag súil leis i gContae atá buailte díreach ar an Aigéan Atlantach.

Níl le déanamh anois agaibh a léitheoirí dile ach [brú](#) anseo chun dul ar thóir na seod, i nGaeilge agus i mBéarla araon, atá i dtaisce i mBailiúchán an Chláir. Bígí ag póirseáil trí ábhar an Chláir.